Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)**

**15131/23
ADD 1**

**LIMITE**

**DEVGEN 197
RELEX 1280
GENDER 197
FIN 1128**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle<br>- Ráiteas ón bPolainn |

**Ráiteas ón bPolainn maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní**

PUBLIC

Is mar cheart bunúsach a chumhdaítear an comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir i gcóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan ‘an comhionannas inscne’ a léiriú mar thagairt don chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 153 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma ‘inscne’, léirmhíneoidh an Pholainn iad mar ‘gnéas’ i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19 mír 1 agus Airteagal 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cé go dtagann an Pholainn leis an gcomhthoil atá ann maidir leis na conclúidí ón gComhairle, ní mheasaimid gur teanga chomhaontaithe iad na gnéithe sonracha thuasluaite ná gur bonn iad d’aon chaibidlíocht a dhéanfaí amach anseo.